**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2021/2213(INI)**

15.1.2024

# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OACPS), den pháirt eile (2021/2213(INI))

An Coiste um Fhorbairt

Rapóirtéir: Tomas Tobé



*Aontaithe san éagsúlacht*

# CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................................9

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OACPS), den pháirt eile**
**(2021/2213(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle ar thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023 (Comhaontú Shamó),

– ag féachaint do Chomhaontú Georgetown arna athbhreithniú le Cinneadh Uimh. 1/CX/19 an 7 Nollaig 2019,

– ag féachaint don 'Fís Chomhpháirteach do 2030' a glacadh ag an 6ú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach i mí Feabhra 2022,

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 16 Meán Fómhair 2021 dar teideal "*The EU strategy for cooperation in the Indo-Pacific*" [Straitéis AE maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach] (JOIN(2021)0024),

– ag féachaint don toradh ar an gcruinniú mullaigh idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh (CELAC) a tionóladh i mí Iúil 2023,

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna),

– ag féachaint do Chlár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa de chuid an Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta a reáchtáladh i mí Iúil 2015,

– ag féachaint don Chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe (COP21) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Pháras),

– ag féachaint don ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2017 dar teideal '*New European Consensus on Development – Our World, Our Dignity, Our Future*' [An Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt – 'Ár nDomhan, ár nDínit, ár dTodhchaí'][1],

[1] IO L 210, 30.6.2017, lch. 1.

– ag féachaint don Chomhdháil Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (CIDF), arna reáchtáil i gCaireo in 1994, agus dá clár gníomhaíochta, mar aon le conclúidí a comhdhálacha athbhreithnithe, agus do Chruinniú Mullaigh Nairobi, 2019, (CIDF+25) lena ndearnadh comóradh 25 bliana na Comhdhála a cheiliúradh,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle[2],

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 1 Nollaig 2021 dar teideal '*The Global Gateway*' (JOIN(2021)0030),

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 4 Deireadh Fómhair 2022 dar teideal '*Youth Action Plan (YAP) in EU external action for 2022-2027 – Promoting meaningful youth participation and empowerment in EU external action for sustainable development, equality and peace*' [Plean Gníomhaíochta don Aos Óg (YAP) i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais le haghaidh 2022-2027 — Rannpháirtíocht agus cumhachtú fóinteach na hóige a chur chun cinn i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais ar son na forbartha inbhuanaithe, an chomhionannais agus na síochána] (JOIN(2022)0053),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Samhain 2022 dar teideal 'Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh – Sláinte Níos Fearr do Chách i nDomhan Atá ag Athrú' (COM(2022)0675),

– ag féachaint do Thuarascáil 2023 ar an bhForbairt Dhomhanda Inbhuanaithe,

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 25 Samhain 2020 dar teideal '*EU Gender Action Plan (GAP) III – An ambitious agenda for gender equality and women's empowerment in EU external action*', [Plean Gníomhaíochta AE maidir le hInscne (GAP) III – Clár oibre uaillmhianach do chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh] (JOIN(2020)0017), agus don tuarascáil chomhpháirteach mheántéarma ar chur chun feidhme an chláir oibre sin a foilsíodh an 20 Samhain 2023 (JOIN(2023)0036),

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 20 Bealtaine 2022 maidir le comhpháirtíocht athnuaite an Aontais leis na Tíortha is Lú Forbairt,

– ag féachaint don ráiteas a ghlac Coiste Leantach ACC-AE an 9 Samhain 2023,

– ag féachaint do rúin uaithi an 4 Deireadh Fómhair 2016 maidir le todhchaí chaidreamh ACC-AE i ndiaidh 2020[3], an 14 Meitheamh 2018 maidir leis an gcaibidlíocht atá ar na

[2] IO L 209, 14.6.2021, lch. 1.
[3] IO C 215, 19.6.2018, lch. 2.

bacáin le haghaidh Comhaontú Comhpháirtíochta Nua idir an tAontas Eorpach agus Grúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin[4], agus an 28 Samhain 2019 maidir leis an gcaibidlíocht leanúnach le haghaidh Comhaontú Comhpháirtíochta Nua idir an tAontas Eorpach agus Grúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin[5],

– ag féachaint do rúin uaithi an 25 Samhain 2020 maidir le feabhas a chur ar éifeachtacht na forbartha agus ar éifeachtúlacht na cabhrach[6], an 15 Meitheamh 2023 maidir le cur chun feidhme agus seachadadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[7], agus an 12 Nollaig 2023 maidir le cur chun feidhme na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda[8],

– ag féachaint don rún maidir le tábhacht straitéiseach agus gné straitéiseach chomhpháirtíocht ACC-AE a ghlac Comhthionól Parlaiminteach ACC-AE i mBúcairist (An Rómáin) an 20 Márta 2019,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhorbairt (A9-0000/2024),

A. de bhrí go bhfuil níos mó ná 2 bhliain go leith caite idir inisealacha a chur leis an gcomhaontú comhpháirtíochta nua idir an tAontas Eorpach agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OACPS) i mí Aibreáin 2021 agus síniú an chomhaontaithe i Samó i mí na Samhna 2023;

B. de bhrí gur gá, toisc an líon géarchéimeanna atá ann a bheith ag dul i méid, amhail iarmhairtí domhanda phaindéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, comhghuaillíochtaí níos láidre agus comhpháirtíochtaí níos éifeachtaí a chruthú lena mbaintear torthaí nithiúla amach chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach níos fearr, ar riachtanais atá ag teacht chun cinn agus ar dhúshláin dhomhanda;

C. de bhrí go bhfuil an chomhpháirtíocht sheanbhunaithe idir an tAontas agus tíortha ACC ríthábhachtach i bhfianaise líon na dtíortha a thugann sí le chéile agus mar gheall ar an ról níos mó a d'fhéadfadh a bheith aici sa chóras iltaobhach, atá faoi bhrú faoi láthair;

D. de bhrí nach mór do thíortha an Aontais agus tíortha ACC comhpháirtíocht neartaithe a shaothrú chun torthaí comhthairbheacha a bhaint amach maidir le leasanna coiteanna agus trasnacha agus le díograis don fhreagracht chomhroinnte, don dlúthpháirtíocht, don chómhalartacht, don urraim fhrithpháirteach agus don chuntasacht;

E. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm leis an straitéis *Global Gateway* tionchar geopholaitiúil an Aontais ar an leibhéal domhanda a mhéadú trí thairiscint luachbhunaithe a sholáthar do na tíortha comhpháirtíochta, faoi chuimsiú Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus a SDGanna;

---

[4] IO C 28, 27.1.2020, lch. 101.
[5] IO C 232, 16.6.2021, lch. 64.
[6] IO C 425, 20.10.2021, lch. 73.
[7] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0250.
[8] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0458.

F. de bhrí go gceanglaítear ar an Aontas le hAirteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh cuspóirí an chomhair um fhorbairt a chur san áireamh sna beartais inmheánacha agus sheachtracha uile is dócha difear a dhéanamh do thíortha atá i mbéal forbartha;

***Cuspóirí, prionsabail agus téarmaí comhair***

1. á chur in iúl gur geal léi go mór síniú Chomhaontú Shamó a rabhthas ag dréim leis le fada;

2. á chur i bhfáth go bhforáiltear leis an gcomhaontú nua do chreat comhair neartaithe, nuachóirithe agus níos uaillmhianaí; á athdhearbhú, thairis sin, go bhfuil naisc pholaitiúla, eacnamaíocha agus chultúrtha thábhachtacha ann atá á gcothú le blianta beaga anuas idir an tAontas agus stáit ACC;

3. á iarraidh go ndéanfar an comhaontú a chur chun feidhme go pras agus go cuimsitheach, ós rud é go bhfuil géarghá leis an gcomhar iltaobhach a neartú i bhfianaise na héagobhsaíochta geopholaitiúla agus na hiomaíochta geopholaitiúla atá ag dul i méid agus i bhfianaise dúshláin dhomhanda nach bhfacthas a leithéidí riamh cheana;

4. á chur in iúl gur geal léi go gcuireann an comhaontú le roinnt comhaontuithe idirnáisiúnta agus go sainaithnítear inti Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide mar chreataí treorach uileghabhálacha;

5. á athdhearbhú go bhfuil tábhacht leis an idirphlé polaitiúil mar chuid dhílis den chomhpháirtíocht;

6. á iarraidh go mbainfear úsáid éifeachtach as na forálacha maidir le freagairt do sháruithe ar na gnéithe bunriachtanacha den chomhaontú;

7. á chur in iúl gur geal léi cuimsiú airteagail shonraigh atá tiomnaithe do Chomhtháthú Beartas sa chomhaontú;

8. á iarraidh go bhforbrófar comhleanúnachas agus sineirgí idir prótacail réigiúnacha Chomhaontú Shamó agus na creataí beartais eile lena rialaítear caidreamh an Aontais leis an Afraic, le Muir Chairib agus le réigiúin an Aigéin Chiúin;

***Na tosaíochtaí straitéiseacha***

9. á chreidiúint go bhfuil na 6 thosaíocht chomhpháirteacha straitéiseacha a sainaithníodh sa chuid ghinearálta den chomhaontú fós thar a bheith ábhartha in ainneoin an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ag athrú;

10. á chur in iúl gur geal léi an gealltanas cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh agus an smacht reachta agus an dea-rialachas a neartú; á chur in iúl gur geal léi freisin an gealltanas cearta uilíocha an duine a chur chun cinn gan idirdhealú a bheith ann bunaithe ar aon fhoras; á chur in iúl gur oth léi, áfach, nach luaitear go sainráite sa chomhaontú go bhféadfadh an t-idirdhealú a bheith bunaithe ar ghnéaschlaonadh;

11. á áitiú gur gá aird níos mó a thabhairt ar na gnéithe daonna agus forbartha sóisialta den chomhaontú;

12. á iarraidh go ndéanfar 'Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh' a oibríochtú go pras i dtíortha ACC;

13. á chur i bhfios go láidir gur cheart aird ar leith a thabhairt ar na forálacha maidir le slándáil bia agus cothú feabhsaithe, i bhfianaise an mhéadaithe dhomhanda ar neamhshlándáil an tsoláthair bia, ar mhíchothú agus ar ocras;

14. á chur in iúl gur geal léi cuimsiú airteagail shonraigh maidir leis an óige agus á mheabhrú gur cheart rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga i mbeartais a dhéanann difear dóibh a spreagadh go láidir;

15. á chur in iúl gur geal léi go n-aithnítear an comhionannas inscne agus cumhachtú eacnamaíoch na mban mar phríomhspreagthaí don fhorbairt inbhuanaithe; ag tacú leis na gealltanais i leith cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR);

16. ag tacú leis an gcuspóir infheistíocht a shlógadh, tacú le trádáil agus forbairt na hearnála príobháidí a chothú, d'fhonn fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach agus poist chuibhiúla a chruthú do chách; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, go gcaithfear nasc láidir a bhunú idir an comhaontú agus an tionscnamh *Global Gateway*;

17. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur féidir le Comhaontú Shamó rannchuidiú le cuspóirí beartais trádála agus infheistíochta thíortha an Aontais agus thíortha OCAPS;

18. á chur in iúl gur geal léi an gealltanas comhoibriú a dhéanamh chun an tslándáil fuinnimh a neartú agus rochtain ar fhuinneamh i dtíortha ACC a mhéadú;

19. á chur i bhfáth a phráinní atá sé dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil dhomhanda agus díriú ar chur chun feidhme éifeachtach Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide;

20. á aithint gur gá an comhar maidir leis an imirce agus leis an tsoghluaisteacht a fheabhsú, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an imirce neamhrialta agus leis an easáitiú éigeantach, agus freisin gur gá bealaí dleathacha imirce a éascú;

***Modhanna comhair agus cur chun feidhme***

21. á chur in iúl gur geal léi buiséadú an Chiste Eorpaigh Forbraíochta (CEF) i mbuiséad an Aontais arna chur chun feidhme amhail ó 2021, ar éileamh é a bhí ann le fada ó Pharlaimint na hEorpa;

22. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé forbairt éifeachtach agus torthaí a áirithiú; á chreidiúint gur gá acmhainní airgeadais a shlógadh go suntasach agus go hinbhuanaithe chun an comhaontú a chur chun feidhme; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, go n-aithnítear gur cheart na modhanna comhair a éagsúlú, lena gcuimsítear raon beartas agus ionstraimí ó na foinsí agus na gníomhaithe uile atá ar fáil;

23. á mheabhrú go bhfuil slógadh acmhainní intíre trí chánachas ar cheann de na foinsí ioncaim is tábhachtaí dá bhfuil ann chun an fhorbairt inbhuanaithe a mhaoiniú; ag

tathant ar an Aontas agus ar OACPS toil pholaitiúil láidir agus diongbháilteacht a léiriú maidir le sreafaí airgeadais aindleathacha, imghabháil cánach agus éilliú a chomhrac;

24. á chur in iúl gur geal léi tiomantas na bPáirtithe i gComhaontú Shamó aghaidh a thabhairt ar fhiachas agus oibriú i dtreo na hinbhuanaitheachta fiachais, ós rud é go bhfuil sé sin mar bhonn faoi bhaint amach na SDGanna;

*Rannpháirtíocht geallsealbhóirí, an ghné pharlaiminteach agus an t-iltaobhachas*

25. á áitiú go bhfuil tábhacht ag baint leis an taidhleoireacht pharlaiminteach i ndáil leis an idirphlé polaitiúil idir an tAontas agus comhaltaí OACPS a neartú;

26. á iarraidh go n-áiritheofar cuntasacht dhaonlathach ar gach leibhéal den chomhaontú;

27. ag aithint rannchuidiú Chomhthionól Parlaiminteach OACPS-AE san am a chuaigh thart agus go leanfaidh sé de rannchuidiú a dhéanamh amach anseo; á mheabhrú gur féidir le comhaltaí, tríd an gComhthionól Parlaiminteach, malartuithe tuairimí a reáchtáil maidir le beartais agus saincheisteanna atá ábhartha go frithpháirteach don Aontas agus do OACPS;

28. á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh na trí Thionól Réigiúnacha ar bun lena neartófar tuilleadh an ghné pharlaiminteach agus a fhágfaidh go bhféadfar díospóireachtaí parlaiminteacha doimhne a reáchtáil ar shaincheisteanna de chineál níos réigiúnaí;

29. á chur in iúl gur geal léi an gealltanas cur chuige il-gheallsealbhóra a chur chun cinn, lena gcumasófar rannpháirtíocht ghníomhach réimse leathan gníomhaithe, lena n-áirítear parlaimintí, údaráis áitiúla, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach; á iarraidh go ndéanfar an gealltanas sin a chur i bhfeidhm go pras, rud a fhágfaidh go mbeidh gá le sásra oscailte agus trédhearcach a chruthú le haghaidh comhairliúchán struchtúrtha chun rannpháirtíocht éifeachtach na ngeallsealbhóirí a áirithiú;

30. á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, i bhfianaise an spás don tsochaí shibhialta a bheith ag dul i laghad, nach bhfuil gealltanas tugtha ag na Páirtithe rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí a mhéadú ach ‘i gcás inarb iomchuí’, rud a d’fhéadfadh teorainneacha a chur lena rannpháirtíocht éifeachtach;

31. á chur in iúl gur geal léi na forálacha maidir le comhghuaillíochtaí domhanda agus comhar idirnáisiúnta atá ar áireamh sa chomhaontú nua, ina bhfuil gealltanais i leith an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe agus gealltanais idirphlé idirnáisiúnta a chur chun cinn agus réitigh iltaobhacha a lorg chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht dhomhanda;

°

° °

32. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta agus chuig Comhairle Airí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is geal leis an Rapóirtéir go mór gur síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OACPS) an 15 Samhain 2023 ós rud é go gcuirtear creat neartaithe agus nuachóirithe ar fáil leis le haghaidh comhair le tíortha ACC. Le linn tréimhsí suaite ina mbíonn ilpholaraíocht gheopholaitiúil agus éagobhsaíocht gheopholaitiúil, ní mór don Aontas naisc níos láidre fós a chothú le tíortha ACC, agus comhpháirtíochtaí a threisiú chun an t-iltaobhachas a chur chun cinn. Mar sin, is oth leis an Rapóirtéir go mór na moilleanna leanúnacha ar shíniú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta nua, ar raibh tionchar acu ar chlú an Aontais mar chomhpháirtí inchreidte.

Leis an gcomhaontú nuachóirithe, d'fhéadfaí feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht pholaitiúil idir an tAontas agus tíortha ACC, lena gcumhdófaí saincheisteanna ríthábhachtacha amhail an fás agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe, an t-athrú aeráide, an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní, an tslándáil bia agus an tsláinte, an imirce, cearta an duine, an daonlathas agus rialachas, agus an tsíocháin agus an tslándáil. Leagann an Rapóirtéir béim ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na réimsí sin de dhúshláin agus de dheiseanna i gcur chuige comhpháirteach. Is geal leis an Rapóirtéir go leagtar amach sa chomhaontú nua creat solúbtha atá bunaithe ar Fhondúireacht choiteann is infheidhme maidir le gach páirtí agus ar phrótacail réigiúnacha shaincheaptha don Afraic, do Mhuir Chairib agus don Aigéan Ciúin faoi seach, a chuireann sonraíochtaí na réigiún san áireamh.

Thairis sin, tacaíonn an Rapóirtéir leis an bhfíoras go gcuireann an chomhpháirtíocht nua le roinnt comhaontuithe idirnáisiúnta agus go sainaithnítear inti Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide mar chreataí treorach uileghabhálacha. Tá sé sin ríthábhachtach, go háirithe ós rud é go bhfuil an dul chun cinn i dtreo bhaint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ag titim chun deiridh, eadhon sna tíortha is lú forbairt, ar tíortha ACC iad go leor acu.

Tacaíonn an Rapóirtéir go láidir leis na prionsabail a leagtar síos san Fhondúireacht, go háirithe an prionsabal go saothróidh na páirtithe cuspóirí an Chomhaontaithe le díograis don fhreagracht chomhroinnte, don dlúthpháirtíocht, don chómhalartacht, don urraim fhrithpháirteach agus don chuntasacht. Tá sé sin ailínithe go maith le haidhm an Aontais comhpháirtíochtaí comhionanna a chruthú lena mbainfí torthaí comhthairbheacha amach maidir le leasanna coiteanna agus trasnacha agus i gcomhréir le luachanna comhroinnte.

Tacaíonn an Rapóirtéir leis an gcur chuige comhtháite maidir le comhar, lena n-ionchorpraítear gnéithe polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil agus cultúrtha; gné na hinscne a chur chun cinn go córasach, agus cur chuige il-gheallsealbhóra a chur chun cinn lena gcumasaítear rannpháirtíocht réimse leathan gníomhaithe san idirphlé comhpháirtíochta agus sna próisis chomhair, lena n-áirítear parlaimintí, údaráis áitiúla, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach. Is ábhar imní don Rapóirtéir, áfach, úsáid athfhillteach an téarma 'i gcás inarb iomchuí' i gcodanna den Chomhaontú agus tagairt á déanamh do rannchuidiú na ngeallsealbhóirí. D'fhéadfadh léirmhíniú cúng a bheith mar thoradh ar an gceapadh sin ar an gcás ina bhféadfadh sé a bheith iomchuí ról a thabhairt do chomhpháirtithe na sochaí shibhialta agus na hearnála príobháidí agus d'údaráis áitiúla. Cuireann an Rapóirtéir

i bhfáth gur gá an cur chuige il-gheallsealbhóra a chur i bhfeidhm, agus cuireann sé bhfios go láidir go gcuirfear geallsealbhóirí ar an eolas go tráthúil agus go mbeidh siad in ann ionchur a bheith acu i bpróiseas leathan an idirphlé.

**Tosaíochtaí straitéiseacha**

Tá an Rapóirtéir den tuairim go bhfuil na 6 thosaíocht chomhpháirteacha straitéiseacha arna sainaithint sa Chomhaontú (a théann níos faide ná an fhorbairt) thar a bheith ábhartha, in ainneoin an athraithe mhóir atá tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil. Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir go gcuirtear spás feabhsaithe ar fáil le Comhaontú Shamó le haghaidh idirphlé chun déileáil go comhpháirteach le hiarmhairtí láithreacha agus fadtéarmacha chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a raibh tionchar mór aige ar roinnt Stát ACC.

Maidir le cearta an duine, an daonlathas agus rialachas, is geal leis an Rapóirtéir go n-athdhearbhaítear i gComhaontú Shamó an gealltanas chun cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh agus chun an smacht reachta agus an dea-rialachas a neartú. Éiríonn sé sin níos tábhachtaí fós nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil treocht mheatha ann don daonlathas agus don rialachas ar fud an domhain agus go bhfuil bagairtí leanúnacha ann ar chearta an duine ar fud an domhain. Is geal leis an Rapóirtéir an gealltanas chun cearta uilíocha an duine a chur chun cinn gan idirdhealú bunaithe ar aon fhoras, ach is oth leis nach luaitear go sainráite sa Chomhaontú go bhféadfadh idirdhealú a bheith bunaithe ar ghnéaschlaonadh agus ar fhéiniúlacht inscne.

Maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil, is geal leis an Rapóirtéir go bhfuiltear ag dréim leis go méadófar an comhar faoin gComhaontú nua mar gur léir gur réimse leasa choitinn é. Áitíonn an Rapóirtéir ar a thábhachtaí atá sé an cur chuige maidir leis an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin a chur chun feidhme i gceart ar fud na dtíortha uile atá buailte ag géarchéimeanna agus ar fud na dtíortha leochaileacha uile. Sa chomhthéacs sin, ba mhaith leis an Rapóirtéir a mheabhrú go bhfuil gá le treoshuíomhanna soiléire beartais chun na bearnaí idir na réimsí beartais aonair a líonadh, agus a áirithiú ag an am céanna go n-urramófar saintréith dhlíthiúil ar leith na cabhrach daonnúla agus prionsabail na cabhrach daonnúla. Ina theannta sin, athdhearbhaíonn an Rapóirtéir nach féidir an fhorbairt inbhuanaithe a bheith ann gan an tsíocháin agus an tslándáil, agus nach féidir an tsíocháin agus slándáil inbhuanaithe a bheith ann gan forbairt chuimsitheach.

Maidir leis an bhforbairt dhaonna agus shóisialta, tacaíonn an Rapóirtéir go láidir leis an athdhearbhú sa Chomhaontú go bhfuil an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní ina gceanglais bhunriachtanacha chun an fhorbairt chuimsitheach agus inbhuanaithe a bhaint amach. Go háirithe, is geal leis an Rapóirtéir go gcomhaontaíonn na Páirtithe go nglacfaidh siad agus go neartóidh siad reachtaíocht in-fhorfheidhmithe, creataí dlíthiúla agus beartais, cláir agus sásraí fónta chun a áirithiú go mbeidh rochtain chomhionann agus smacht comhionann ag cailíní agus ag mná ar gach réimse den saol, go mbeidh comhdheiseanna acu iontu agus go mbeidh siad rannpháirteach go hiomlán agus go comhionann iontu. Thairis sin, tacaíonn an Rapóirtéir leis an ngealltanas i leith cearta gnéis agus atáirgthe. Ba cheart rannpháirtíocht ghníomhach na ndaoine óga sa tsochaí a spreagadh go láidir, lena n-áirítear i bhforbairt, i gcur chun feidhme agus in obair leantach na mbeartas lena ndéantar difear dóibh. Maidir leis an tslándáil bia, iarrann an Rapóirtéir go dtabharfaí aird ar leith ar na forálacha ábhartha sa Chomhaontú, i bhfianaise an mheathlaithe atá tagtha ar an tslándáil dhomhanda bia, mar gheall ar chostais mhéadaitheacha bia agus ionchur

talmhaíochta, ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ar theagmhais adhaimsire. Ba mhaith leis an Rapóirtéir tús áite a thabhairt i gcláir an Aontais don bhéim ar chórais agraibhia inbhuanaithe athléimneacha a thógáil agus ar fheirmeoirí beaga toisc go bhfuil ról ríthábhachtach acu sa tslándáil bia i roinnt mhaith tíortha ACC. Maidir leis an tsláinte, cuireann an Rapóirtéir i bhfáth gur cheart iarrachtaí a dhíriú ar thacú le tíortha ACC i leith córais sláinte inbhuanaithe a fhorbairt agus athléimneacht a neartú, rud atá ríthábhachtach chun cabhrú le tíortha comhpháirtíochta aghaidh a thabhairt ar phaindéimí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Léirigh Paindéim COVID-19 go bhfuil comhar iltaobhach ríthábhachtach chun dúshláin dhomhanda sláinte a shárú, agus is é sin an fáth a bhfuil an Rapóirtéir sásta a fheiceáil go gcomhoibreoidh na Páirtithe chun aghaidh a thabhairt ar éigeandálaí sláinte poiblí agus chun comhar idirnáisiúnta a neartú ar mhaithe le tionchar éigeandálaí sláinte poiblí domhanda a mhaolú.

Maidir leis an bhfás agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe chuimsitheach, is geal leis an Rapóirtéir go n-aithnítear sa Chomhaontú a thábhachtaí atá sé an caidreamh eacnamaíoch idir na páirtithe a neartú ar mhaithe lena leas frithpháirteach agus ar mhaithe leis an gcomhthairbhe, i gcomhréir leis na SDGanna. Aithnítear sa Chomhaontú a thábhachtaí atá forbairt na hearnála príobháidí don chlaochlú eacnamaíoch agus chun poist a chruthú, agus tá Páirtithe tiomanta don idirphlé poiblí-príobháideach a chur chun cinn agus aird ar leith á tabhairt acu ar fhás agus ar iomaíochas feabhsaithe na micrifhiontar, na bhfiontar beag agus na bhfiontar meánmhéide. Thairis sin, sonraítear sa chomhaontú go dtacóidh na Páirtithe le beartais chun an fhiontraíocht a fhorbairt i measc na hóige agus na mban i gcomhthéacs a gcumhachtaithe eacnamaíoch agus an fhorbairt chuimsitheach a chur chun cinn. Tacaíonn an Rapóirtéir go láidir leis na codanna sin, ós rud é go mbeidh comhar sna réimsí sin ríthábhachtach chun borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch, faoi chruthú post agus faoin iomaíochas i dtíortha ACC, ar gné ríthábhachtach é chun an bhochtaineacht a laghdú agus rathúnas a chruthú.

Maidir leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil agus an t-athrú aeráide, is geal leis an Rapóirtéir go n-áirítear forálacha i bhfad níos mionsonraithe maidir leis an ábhar i gComhaontú Shamó, murab ionann agus Comhaontú Cotonou. Cumhdaítear forálacha maidir leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil, le haigéin, le farraigí agus le hacmhainní muirí, chomh maith leis an athrú aeráide agus tubaistí nádúrtha, sa chuid den Fhondúireacht agus sna trí phrótacal réigiúnacha araon. Tacaíonn an Rapóirtéir leis sin, chomh maith leis an bhfíoras go ngeallann na Páirtithe go gcuirfidh siad Comhaontú Pháras chun feidhme agus go ndéanfaidh siad an dul chun cinn i dtreo a Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta a rianú, agus a bhfreagrachtaí coiteanna ach difreáilte agus a gcumais faoi seach á gcur san áireamh i bhfianaise imthosca náisiúnta éagsúla. Aontaíonn an Rapóirtéir go bhfuil sé ríthábhachtach díriú ar chur chun feidhme éifeachtach Chomhaontú Pháras agus dul chun cinn substainteach a dhéanamh.

Maidir leis an imirce, leagann an Rapóirtéir béim ar an ngá atá le comhar idir an Eoraip agus tíortha ACC a neartú, agus béim á leagan aige ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna leis an imirce neamhrialta agus an easáitithe éigeantaigh, amhail an éagobhsaíocht pholaitiúil, an bhochtaineacht, easpa slándála, easpa deiseanna eacnamaíocha, an tsábháilteacht bia, an foréigean agus éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide. Ag an am céanna, leagann an Rapóirtéir béim ar an ngá atá le bealaí dleathacha imirce a éascú, mar a luaitear sa Chomhaontú.

**Modhanna comhair**

Maidir leis na modhanna comhair agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe, leagann an Rapóirtéir béim ar a thábhachtaí atá sé éifeachtacht na forbartha agus torthaí a áirithiú agus is geal leis go n-aithnítear sa Chomhaontú gur cheart modhanna comhair a éagsúlú, lena gcuimsítear raon beartas agus ionstraimí, ó na foinsí agus na gníomhaithe uile atá ar fáil.

Ó 2021 i leith, is ó Rialachán ICFCI-an Eoraip Dhomhanda a thagann cistiú do thíortha ACC. Iarrann an Rapóirtéir ar an gCoimisiún an deis a thapú san athbhreithniú meántéarma chun an comhleanúnachas idir an rialachán agus tosaíochtaí straitéiseacha Chomhaontú Shamó a sheiceáil. Ba cheart leibhéal iomchuí cistiúcháin a bheith ag gabháil le cur chun feidhme an Chomhaontaithe chun go gcomhlíonfaidh an tAontas a ghealltanais. Ní mór nasc láidir a áirithiú freisin idir an Comhaontú agus an tionscnamh *Global Gateway*, a seoladh tar éis thabhairt i gcrích na caibidlíochta.

**An tIltaobhachas agus taidhleoireacht pharlaiminteach**

I dteannta leis na réimsí comhair thuasluaite, is geal leis an Rapóirtéir na forálacha maidir le comhghuaillíochtaí domhanda agus comhar idirnáisiúnta, agus béim á leagan ag an dá pháirtí ar a dtiomantas don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus don idirphlé idirnáisiúnta a chur chun cinn agus do réitigh iltaobhacha a lorg chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht dhomhanda. Is féidir le Comhaontú Shamó, agus ba cheart dó, cabhrú le comhghuaillíochtaí domhanda a chruthú sna réimsí uile a chumhdaítear sa Chomhaontú. Áitíonn an Rapóirtéir freisin a thábhachtaí atá an taidhleoireacht pharlaiminteach chun an t-idirphlé polaitiúil idir an tAontas agus OACPS a neartú. Creideann an Rapóirtéir go bhfuil sé ríthábhachtach an chuntasacht dhaonlathach a áirithiú ar gach leibhéal den Chomhaontú. Le linn na mblianta, chruthaigh Chomhthionól Parlaiminteach OACPS-AE creat le haghaidh díospóireacht pharlaiminteach ar scála mór, lena gceadaítear idirphlé parlaiminteach comhsheasmhach idir Feisirí agus Comhaltaí de Pharlaimintí ACC. Tá an Comhthionól Parlaiminteach ina chrann taca don iltaobhachas agus táthar ag súil go mbeidh blianta taithí ann le haghaidh Chomhaontú Shamó dá bharr.